

AN SIONNACH I MBUN AN LÓIN

An madra alla agus an sionnach a bhí i gcomh-pháirtidheacht le chéile ag tabhairt leob aon rud a d'fhéadfaidís ach an lá seo thugadar uan caorach leob agus bhí fhios acab nach raibh a ndóthain idir an péire acab san uan. Rinneadar a n-inntinn suas annsin ceann acab fanacht agus an ceann eile acab dhul a' tóruidheacht tuille.

"Tiubhraidh mise do dhá roghain duitse" adeir an sionnach leis an madra alla. "Teirigh thusa chun na coille agus fanfaidh mise i mbun an lóin nó fanfaidh mise i mbun an lóin agus teirigh thusa chun na coille. Tóig do roghain anois."

B'ionann an dá roghain. Bhí an madra curtha chun bealaigh i gcomhnuidhe aige.

D'imthigh an madra alla chun na coille agus níor casadh tada leis, is nuair a tháinig sé ar ais bhí an t-uan ithte ag an sionnach, 's bhí an sionnach féin bailighthe leis.